Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2025
(OR. en)

7710/25

LIMITE

AUDIO 20
CULT 26
TELECOM 102
PI 57
SOC 194
EMPL 128
DIGIT 55
RECH 136
EDUC 91
CONSOM 56
DATAPROTECT 57

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le measúnú ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán<br>– Formheas |

Scrúdaigh an Mheitheal um Chlosamharc agus Meáin na dréachtchonclúidí maidir leis an ábhar thuasluaite. Tá na toscaireachtaí uile ar aon fhocal anois maidir lena bhfuil sa téacs atá i gceangal leis seo.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go bhfuil comhaontú ann maidir leis an téacs atá i gceangal leis seo agus é a chur faoi bhráid na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt lena fhormheas ag an seisiún a bheidh aici an 13 Bealtaine 2025 agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán**

PUBLIC

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Agus na doiciméid tagartha a leagtar amach san Iarscríbhinn á meabhrú aici[1],

AITHNÍONN SÍ NA NITHE SEO A LEANAS:

1. Is í Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[2] an príomhghníomh dlí lena rialaítear margadh meán closamhairc an Aontais. De thoradh an leasaithe a rinneadh uirthi in 2018, cumhdaítear léi freisin seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus bunaítear Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc mar chomhlacht ardcháilithe atá comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis rialála náisiúnta.

2. Ina theannta sin, leagtar béim sa Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (GESM)[3] ar an ról uathúil atá ag seirbhísí na meán. Bunaítear le GESM an Bord Eorpach um Sheirbhísí na Meán ('an Bord'), a ghabhann ionad Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus a thagann i gcomharbas air, agus tá sé de chúram air cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtach Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus GESM a chur chun cinn. Meabhraítear freisin in GESM go bhfuil cosaint shaoirse na meán agus iolrachas na meán ar dhá cheann de phríomhcholúin an daonlathais.

---

1 Liostaítear san Iarscríbhinn doiciméid a bhaineann leis na hábhair ábhartha.

2 Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1) agus Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lgh. 69–92).

3 Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L 2024/1083, 17.4.2024).

3. Tá an tsoiléireacht dhlíthiúil chomh maith le rialacha atá simplí agus comhleanúnach tábhachtach do gach soláthraí seirbhísí meán closamhairc agus do sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán. Ba cheart an gaol idir Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus gníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)4 agus an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach[5], a bheith soiléir. Cé go bhfuil rialacha cothrománacha bunaithe ag GSD agus ag an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach i ndáil le gníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar líne, leagtar amach i dTreoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc rialacha ábhar-shonracha earnála agus ba cheart í a bheith ina phríomhchreat dlíthiúil i gcónaí i dtaca le rialáil sa réimse closamhairc chun forbairt bhreise mhargadh meán closamhairc an Aontais atá éagsúil, cothrom, sábháilte, iontaofa agus iomaíoch, chomh maith le hábhar closamhairc Eorpach atá neamhspleách, iontaofa agus éagsúil ó thaobh cultúir de, a choimirciú agus a chur chun cinn.

4. Bíonn forbairtí seasta ag teacht ar mhargadh na meán closamhairc, nósanna tomhaltais agus creat dlíthiúil foriomlán an Aontais. De bhun Airteagal 33 de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, tá an Coimisiún Eorpach le meastóireacht *ex post* ar thionchar na Treorach sin agus ar an mbreisluach a ghabhann léi a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh tograí maidir lena hathbhreithniú ag gabháil léi.

5. Trí bhíthin na gconclúidí seo, tá sé ar intinn ag an gComhairle aird an Choimisiúin a tharraingt ar an méid seo a leanas:

   a) ábharthacht Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc ina hiomláine agus a cumas, mar threoir maidir leis an margadh inmheánach, cothromaíocht a áirithiú idir caomhnú phrionsabal na coimhdeachta agus urraim d'inniúlacht na mBallstát beartais chultúrtha a fhorbairt i gcomhréir leis na Conarthaí agus le dlí eile an Aontais ar thaobh amháin, agus comhlíonadh cuspóirí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí phrionsabal na tíre tionscnaimh, i measc rudaí eile, ar an taobh eile;

   b) réimsí áirithe a mheastar a bheith tábhachtach go comhpháirteach agus ar cheart don Choimisiún, i measc réimsí eile, grinnanailís a dhéanamh orthu laistigh den nós imeachta meastóireachta.

---

4 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

5 Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lgh. 1-16).



PUBLIC

Tá ábhair áirithe a chuir na Ballstáit in iúl fós ann freisin, mar sin níor cheart na conclúidí seo a mheas mar choncluidí ina leagtar amach liosta uileghabhálach de réimsí a measann an Chomhairle go bhfuil gá le meastóireacht ina leith. Is é aidhm na Comhairle tús a chur le plé bunaithe ar fhíricí maidir le roinnt gnéithe de chreat na meán closamhairc, gan teorainn a chur leis an bplé sin ná cosc a chur ar aon chaibidlíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc.

PUBLIC

## RAON FEIDHME NA TREORACH

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

6. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh raon feidhme Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc fós inoiriúnaithe de réir mar a fhorbraíonn an margadh closamhairc. Ba cheart an raon feidhme a bheith leathan agus soiléir go leor chun gach cineál ábhair agus seirbhísí meán closamhairc ábhartha a thairgtear sa mhargadh inmheánach a chumhdach, gan beann ar a modhanna dáileacháin. Tugadh roinnt éiginnteachtaí faoi deara maidir le haicmiú cineálacha gníomhaíochtaí closamhairc ar líne atá ag teacht chun cinn[6].

7. Soiléiríodh le hAithris 3 de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc[7] gur féidir cainéil, nó aon seirbhísí closamhairc eile faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí, a bheith ina seirbhísí meán closamhairc iontu féin, fiú má thairgtear iad ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Is gníomhaithe seanbhunaithe i margadh na meán closamhairc anois iad roinnt úsáideoirí seirbhísí ardáin comhroinnte físeán (dá dtagraítear go minic le téarmaí ar nós 'tionchairí' nó 'cruthaitheoirí ábhair gairmiúla'[8]), a bhfuil tionchar tábhachtach acu ar an margadh agus ar thuairimí an phobail. Is minic a úsáideann leanaí agus daoine óga a gcuid seirbhísí. Mar sin féin, tuairiscíodh roinnt neamhréireachtaí ar fud an mhargaidh inmheánaigh a mhéid a bhaineann le haicmiú na ngníomhaithe sin mar sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc.[9]

---

[6] Mar a luaitear i mír 8.

[7] IO L 303, 28.11.2018, lch. 69–92.

[8] Úsáidtear téarmaí eile sa chleachtas freisin. Féach: *Analysis and recommendations concerning the regulation of vloggers* [Anailís agus moltaí maidir le rialáil físbhlagálaithe], Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, Foghrúpa 1, 2021, lch. 3.

[9] *Mapping report on the rules applicable to video-sharing platforms Focus on commercial communications* [Tuarascáil mhapála maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le hardáin comhroinnte físeán – Béim ar chumarsáid tráchtála], an Fhaireachlann Eorpach Closamhairc 2022, Tábla 14. *Obligations regarding (v)blogs and (v)blogging* [Oibleagáidí maidir le blaganna nó físbhlaganna agus blagálaithe nó físbhlagálaithe], lgh. 34-37; *Learning from the practical experiences of NRAs in the regulation of vloggers* [Ag foghlaim faoi thaithí phraiticiúil NRAnna maidir le rialáil físbhlagálaithe], Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, Foghrúpa 1, 2023, lch. 15; *Reporting on the application of Directive 2010/13/EU "Audiovisual Media Services Directive" as amended by Directive (EU) 2018/1808, for the period 2019-2022* [Tuairisciú ar chur i bhfeidhm Threoir 2010/13/AE 'Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc' arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808, don tréimhse 2019-2022] (SWD (2024) 4 final), lch. 4.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

8. Anailís a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear le sainmhínithe Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc na seirbhísí ábhartha uile lena soláthraítear ábhar meán closamhairc, agus measúnú a dhéanamh, ar bhonn na hanailíse, ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le soiléirithe, agus spriocanna agus príomhluachanna Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc á gcur san áireamh, lena n-áirítear ardleibhéal cosanta don lucht féachana, go háirithe mionaoisigh, cothrom iomaíochta chomh maith leis an ngá atá le comhréireacht. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le soiléiriú breise go gcumhdaítear grúpaí sonracha cruthaitheoirí ábhair ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán (dá dtagraítear go minic le téarmaí ar nós 'tionchairí' nó 'cruthaitheoirí ábhair gairmiúla') faoi raon feidhme Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc.

PUBLIC

**<u>MIONAOISIGH A CHOSAINT</u>**

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

9. Leagtar síos le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc rialacha chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do mhionaoisigh ar sheirbhísí closamhairc craoltóireachta agus ar éileamh, agus ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán chomh maith. Ceadaítear leis freisin do na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe nó níos déine a thabhairt isteach, ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach le dlí an Aontais is infheidhme.

10. Bunaítear leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha creat rialála comhchuibhithe agus cothrománach is infheidhme maidir le seirbhísí idirghabhálacha ar líne, lena n-áirítear seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Ceanglaítear leis ar sholáthraithe ardán ar líne bearta iomchuí agus comhréireacha a dhéanamh chun mionaoisigh a chosaint agus ceanglaítear leis ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne rioscaí sistéamacha a eascraíonn as dearadh nó feidhmiú a seirbhíse a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú go dícheallach. Tá luach breise ag baint le Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc toisc go gcuirtear rialacha sonracha ar fáil inti a bhfuil feidhm acu maidir le gach méid soláthraithe lena gcinntear cén t-ábhar closamhairc – ábhar eagarthóireachta agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc araon – a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do mhionaoisigh.

11. Mar gheall ar chineál idirnáisiúnta sheirbhísí na meán closamhairc agus na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán is mó a úsáidtear ar éileamh, tá dúshláin rialála ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí úsáid a bhaint as na sásraí comhair dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

12. Scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar an margadh agus na nósanna tomhaltais atá ag athrú, an áirithítear go leordhóthanach fós leis na rialacha atá ann cheana ardleibhéal cosanta do mhionaoisigh ar ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach nó mí-oiriúnach agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá bhforbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta ar sheirbhísí lena soláthraítear ábhar closamhairc – ábhar eagarthóireachta agus cumarsáid tráchtála closamhairc araon – i ngach Ballstát, mar aon le cothrom iomaíochta do na gníomhaithe ábhartha uile sa mhargadh closamhairc, agus cineál na seirbhísí á chur san áireamh ag an am céanna.

13. Anailís a dhéanamh ar an idirghníomhú idir rialacha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus rialacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, chun scrúdú a dhéanamh ar chomhleanúnachas agus soiléireacht a gcur i bhfeidhm le haghaidh ábhar closamhairc a mhéid a bhaineann le mionaoisigh a chosaint, agus an gá atá le leibhéal cosanta leordhóthanach a áirithiú ar ardáin comhroinnte físeán á chur san áireamh.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

14. Páirt a ghlacadh, laistigh de raon feidhme Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc atá ann cheana**,** i gcomhar trasteorann níos dlúithe agus níos éifeachtaí maidir le mionaoisigh a chosaint, go háirithe trí fheabhas a chur ar chumas na n-údarás rialála náisiúnta agus údarás inniúil eile déileáil go héifeachtach le sáruithe sainaitheanta i gcás sheirbhísí na meán closamhairc agus easpa cur i bhfeidhm beart i gcás seirbhísí ardáin comhroinnte físeán. Tá sé sin ábhartha go háirithe do sheirbhísí atá dírithe ar lucht féachana leathan ar fud Bhallstáit eile an Aontais, chun cosaint phras agus éifeachtach a áirithiú.

15. Idirphlé agus comhar a chur chun cinn le heintitis neamhrialtasacha agus taighdeoirí chun eolas agus dea-chleachtais a bhailiú maidir le mionaoisigh a chosaint go héifeachtach, agus tionscnaimh réamhghníomhacha maidir le litearthacht sna meáin agus sna scannáin a chur chun cinn, ar tionscnaimh iad atá ceaptha do mhionaoisigh.

**OIBLEAGÁIDÍ SOLÁTHRAITHE ARDÁIN COMHROINNTE FÍSEÁN**

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

16. Is gné an-tábhachtach, tharraingteach agus bhríomhar de thimpeallacht dhigiteach é an t-ábhar closamhairc. Mar gheall ar tharraingteacht an ábhair closamhairc, tá ról tábhachtach ag soláthraithe ardáin comhroinnte físeán i margadh na meán closamhairc, gan na hoibleagáidí céanna orthu agus atá ar sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc. Cuireann fás na soláthraithe ardáin comhroinnte físeán leis an iomaíocht le haghaidh lucht féachana agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc, rud a chruthaíonn dúshláin mhéadaithe do sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc.

17. Le forbairt seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, tá deiseanna nua ann do dhaoine aonair ó thaobh na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus rochtain a fháil ar fhaisnéis. Mar sin féin, tá rioscaí suntasacha ag baint leis an bhforbairt thapa sin d'úsáideoirí ardáin comhroinnte físeán agus don tsochaí ina hiomláine ag an am céanna.

18. Cé nach bhfuil freagracht eagarthóireachta ar sholáthraithe ardáin comhroinnte físeán, mar atá sainithe ag Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, as an ábhar atá inrochtana ar a gcuid seirbhísí[10], tá tionchar cinntitheach acu ar choimeádaíocht, ar chur i láthair agus ar infheictheacht an ábhair sin, rud a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar thuairim an phobail, mar shampla. I bhfianaise an tionchair atá acu, tá freagracht thábhachtach orthu maidir leis an bpobal a chosaint sa timpeallacht sin.

---

[10] Mura n-aicmítear iad mar sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc.



PUBLIC

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

19. Meastóireacht a dhéanamh ar na réitigh atá ann cheana arna soláthar ag Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, agus rialacha ábhartha an Aontais, ar nós na rialacha sin a leagtar síos sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus a gcur i bhfeidhm maidir le hardáin ar líne ar seirbhísí ardáin comhroinnte físeán iad freisin á gcur san áireamh ag an am céanna; agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil forálacha reatha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán leordhóthanach chun an pobal i gcoitinne a chosaint ar dhíobháil agus ar rioscaí sochaíocha eile a eascraíonn as ábhar closamhairc atá ar fáil ar ardáin comhroinnte físeán agus chun cothrom iomaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimse na cumarsáide tráchtála closamhairc.

20. Anailís a dhéanamh ar an ngá atá le hathruithe, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le soiléireacht dhlíthiúil, comhleanúnachas rialála agus an breisluach a sholáthraítear le rialacha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, chomh maith leis an ngá a d’fhéadfadh a bheith ann na rialacha is infheidhme maidir le hardáin ar líne a shimpliú.

**<u>BEARTA AGUS BEARTAIS CHUN TACÚ LE SEIRBHÍSÍ AGUS ÁBHAR NA MEÁN CLOSAMHAIRC</u>**

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

21. Tá an fhadhb mhéadaitheach a bhaineann le scaipeadh na bréagaisnéise agus le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis fós ar cheann de na dúshláin is mó nach mór do dhaonlathais na hEorpa dul i ngleic leo. Cé go measann saoránaigh i bhformhór na dtíortha Eorpacha gur foinse iontaofa faisnéise iad na meáin thraidisiúnta, agus go háirithe na meáin seirbhíse poiblí, d’athraigh forbairt dhinimiciúil na teicneolaíochta, ról méadaitheach na n-ardán domhanda ar líne, lena n-áirítear na meáin shóisialta, agus úsáid na hintleachta saorga atá ag fás go tapa, nósanna tomhaltóirí agus tá tionchar ollmhór acu ar mhargadh na meán.



PUBLIC

22. Féadfaidh ardáin dhomhanda ar líne feidhmiú mar gheataí chuig ábhar na meán, agus bíonn luí ag múnlaí gnó dí-idirghabháil a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí meán agus a n-úsáid, rud a d'fhéadfadh méadú ar ábhar deighilteach agus ar bhréagaisnéis a bheith mar thoradh orthu sin.

23. Is foinse an-tábhachtach maoinithe í an fhógraíocht d'eagraíochtaí meán agus do sheirbhísí meán closamhairc. Mar sin féin, mar thoradh ar thábhacht mhéadaitheach na n-ardán ar líne agus na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán i measc lucht féachana, go háirithe i measc na glúine óige, tá laghdú tagtha ar ioncam fógraíochta do na meáin thraidisiúnta, agus go háirithe do sheirbhísí meán closamhairc. D'fhéadfadh cothrom iomaíochta a bheith ina chuidiú chun a áirithiú go gcuirfidh soláthraithe seirbhíse meán luach airgid leordhóthanach ar a n-ábhar i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh.

24. I bhfianaise na samhla tomhaltais ábhair atá ag athrú go tapa agus an ghá atá le hiolrachas na meán agus éagsúlacht chultúrtha a chaomhnú agus a chothú, meabhraítear i dTreoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc go bhféadfadh na Ballstáit roinnt beart a dhéanamh chun ábhar leasa ghinearálta a chur chun cinn (suntasacht seirbhísí meán closamhairc leasa ghinearálta in Airteagal 7a de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) faoi choinníollacha áirithe agus i gcomhréir le dlí an Aontais.

25. D'fhéadfadh bearta suntasachta a bheith úsáideach chun rochtain ar na meáin iolraíocha sa tírdhreach closamhairc ar líne a threisiú agus chun cothroime iomaíochta níos fearr a chur chun cinn idir soláthraithe seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, chomh maith le forbróirí agus monaróirí gléasanna agus comhéadan, ar féidir leo gníomhú mar gheatóirí le haghaidh rochtain ar ábhar agus ar sheirbhísí meán trína gcórais moltaí agus comhéadain féin**.** Ina theannta sin, is féidir le hinfheictheacht an ábhair a tháirgtear i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta a bheith ina huirlis éifeachtach sa chomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus na hionramhála agus an chur isteach eachtraigh ar fhaisnéis.

26. I bhfianaise gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, tá forálacha reatha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc doiléir anois maidir lena mhéid is féidir leis na Ballstáit forálacha a ghlacadh maidir le suntasacht i ndáil le gnóthais atá bunaithe i mBallstáit eile.



PUBLIC

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

27. Measúnú a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme, ar éifeachtacht na mbeart náisiúnta chun ábhar leasa ghinearálta a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhreithniú a dhéanamh ar a ábhartha atá sé córais éifeachtacha náisiúnta suntasachta a fhorbairt gan dochar do shaoirse meán a bheith ag seirbhísí ábhartha meán agus lánurraim á tabhairt don tsaoirse sin, agus dá neamhspleáchas freisin, agus i gcomhréir le dlí an Aontais.

28. Tacú le tionscnaimh féinrialála agus chomhrialála arna ndéanamh ag eagraíochtaí ábhartha agus ag eagraíochtaí ábhartha meán arb iad a bpríomhchuspóirí dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, saoránaigh a chumhachtú agus muinín an phobail a neartú, agus caighdeáin agus eitic iriseoireachta á gcosaint ag an am céanna.

29. Tacaíocht struchtúrach a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn ábhar a tháirgtear i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta agus iolrachas na meán a neartú trí bheartais a thabhairt isteach do sholáthraithe seirbhíse meán a chuireann caighdeáin ghairmiúla iriseoireachta i bhfeidhm chun cuidiú le méid an ábhair luachmhair i seirbhísí meán closamhairc agus ar ardáin comhroinnte físeán a mhéadú gan a neamhspleáchas a chur i mbaol.

30. Leanúint dá n-iarrachtaí litearthacht sna meáin a chur chun cinn agus tacú léi, rud a chumhachtaíonn saoránaigh na meáin a úsáid go héifeachtach agus go sábháilte.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

31. Agus oidhreacht Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc á cur san áireamh maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Chód Cleachtais an Aontais maidir le Bréagaisnéis ag sínitheoirí, agus i bhfianaise réimsí nua inniúlachta an Bhoird a chruthaigh GESM, rachaidh sé i dteagmháil go rialta leis na Ballstáit maidir le torthaí an idirphlé struchtúrtha idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne (go háirithe iad siúd a thagann faoin sainmhíniú ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán)**,** ionadaithe soláthraithe seirbhíse meán agus príomhgheallsealbhóirí eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhlíonadh tionscnamh féinrialála arb é is aidhm dóibh úsáideoirí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear tionscnaimh atá dírithe ar an mbréagaisnéis a chomhrac.

32. Mapáil a dhéanamh ar na srianta agus ar an taithí atá ann faoi láthair maidir le suntasacht iomchuí a áirithiú i gcomhthéacs na meán digiteach trasteorann agus measúnú a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí rialacha suntasachta le dlí an Aontais agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le scéimeanna suntasachta aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar sheirbhísí ábhartha, lena n-áirítear seirbhísí faoi dhlínse Ballstát eile[11] agus i gcomhréir le dlí an Aontais.

33. Faireachán a dhéanamh ar thionchar na rialacha atá ann faoi láthair ar inbhuanaitheacht na meán Eorpach san éiceachóras digiteach agus ar chothrom iomaíochta i margadh na meán closamhairc, go háirithe i réimse na fógraíochta.

34. Agus é á chur san áireamh gur gá do na Ballstáit soláthraithe seirbhíse meán a neartú go struchtúrach agus tacú leo, leanúint d'éifeacht ghiarála na cabhrach poiblí a éascú trí athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine maidir le Státchabhair.

**<u>INROCHTAINEACHT IMEACHTAÍ A BHFUIL TÁBHACHT MHÓR AG BAINT LEO DON TSOCHAÍ</u>**

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

35. Le hAirteagal 14 de Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, lena rialaítear imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí, ní chumhdaítear ach craoltóirí. Mar sin féin, ní trí sheirbhísí líneacha meán closamhairc amháin a dhéantar imeachtaí spóirt a dháileadh agus a thomhailt níos mó. Is minic a chuirtear ar fáil trí sheirbhísí eile iad, rud atá ag méadú, le rochtain shrianta agus íoctha. Go deimhin, d'fhéadfaí saor-rochtain ar na himeachtaí sin a bhaint de chuid mhór den phobal náisiúnta, imeachtaí a bhfuil tábhacht shóisialta agus chultúrtha ar leith ag baint leo.

---

[11] De réir na tuarascála maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú trasteorann an chreata dhlíthiúil Eorpaigh le haghaidh seirbhísí meán digiteach agus closamhairc (Foghrúpa 4 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2024, lch. 2), bhí sé deacair suntasacht na seirbhísí leasa ghinearálta a fhorfheidhmiú thar theorainneacha



PUBLIC

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. Anailís a dhéanamh ar na príomhfhorbairtí i réimse dháileadh na n-imeachtaí a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo don tsochaí agus meastóireacht a dhéanamh an bhfuil raon feidhme suibiachtúil Airteagal 14 de Threoir Seirbhísí na Meán Closamhairc fós ábhartha chun rochtain leathan ar na himeachtaí sin a chosaint.

PUBLIC

**<u>COMHAR AGUS CÁSANNA TRASTEORANN</u>**

DE BHRÍ GUR FÍOR AN MÉID SEO A LEANAS:

37. Tá sé léirithe gur uirlisí tábhachtacha éifeachtacha iad nósanna imeachta um chomhar déthaobhach, go háirithe trí Mheabhrán Tuisceana Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasteorann agus bhíothas in ann cothromaíocht mhaith a bhaint amach idir an tsaoirse chun na seirbhísí a fháil ar thaobh amháin agus bunluachanna eile i margadh closamhairc na hEorpa a chosaint ar an taobh eile. Is uirlis luachmhar freisin é an comhar iltaobhach tríd an mBord (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc roimhe seo) agus tríd an gCoiste Teagmhála chun dul i ngleic le dúshláin trasteorann. Thairis sin, le hAirteagal 14 de GESM tugtar réitigh nua chun an comhar idir na rialtóirí struchtúrtha meán sin a threisiú a thuilleadh sa mhargadh inmheánach, agus ról lárnach á thabhairt ag an am céanna don Bhord maidir le cur chun feidhme comhsheasmhach Threoir Seirbhísí na Meán Closamhairc a chur chun cinn ar fud an Aontais.

38. Shainaithin Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc[12], áfach, roinnt saincheisteanna sonracha i bhforálacha Threoir Seirbhísí na Meán Closamhairc atá ann cheana, go príomha in Airteagal 2(4) i gcomhar le hAirteagal 3, agus chuir na Ballstáit in iúl iad, agus aird ar leith á tabhairt ar chásanna a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc de thionscnamh tríú tíortha.

---

[12] Tuarascáil maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú trasteorann an chreata dhlíthiúil Eorpaigh le haghaidh seirbhísí meán digiteach agus closamhairc (Foghrúpa 4 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2024, lgh. 5, 14-17); *<u>The practical application and future of cross-border enforcement of media law</u>* [Cur i bhfeidhm praiticiúil dhlí na meán agus a bhfuil i ndán d'fhorfheidhmiú trasteorann dhlí na meán] (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2023, lch. 8).

39. Tugadh roinnt fadhbanna maidir le forfheidhmiú trasteorann sa timpeallacht ar líne faoi deara freisin[13]. Déantar foráil in Airteagal 15 de GESM maidir le sásra tiomnaithe nua le haghaidh rialtóirí na meán arb é is aidhm dó forfheidhmiú éifeachtach trasteorann oibleagáidí Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a éascú do sholáthraithe ardán comhroinnte físeán. Táthar ag súil go gcuideoidh an fhoráil nua leis na fadhbanna sin a laghdú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

40. Faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeachtacht na n-uirlisí nua comhair arna soláthar ag GESM.

41. Measúnú a dhéanamh ar na forálacha trasteorann atá ann cheana a leagtar amach i dTreoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, chun forfheidhmiú éifeachtach rialacha Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc sa mhargadh inmheánach a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar sholáthraithe seirbhíse tríú tír, agus forbairtí sa mhargadh á gcur san áireamh.

42. Meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm praiticiúil na sásraí trasteorann dá bhforáiltear leis an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach i ndáil le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus urraim á tabhairt ag an am céanna do thábhacht phrionsabal na tíre tionscnaimh mar phríomhriail de chuid an mhargaidh inmheánaigh, agus aird á tabhairt chomh maith ar an ngá atá ann don Aontas ardleibhéal cosanta do mhionaoisigh a áirithiú agus iolrachas na meán agus éagsúlacht chultúrtha a urramú agus a chur chun cinn.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

43. Dul i mbun tuilleadh comhair ghníomhaigh agus malartú dea-chleachtas d’fhonn fadhbanna sonracha i gcásanna trasteorann a réiteach.

[13] Tuarascáil maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú trasteorann an chreata dhlíthiúil Eorpaigh le haghaidh seirbhísí meán digiteach agus closamhairc (Foghrúpa 4 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2024, lgh. 17-18); The practical application and future of cross-border enforcement of media law [Cur i bhfeidhm praiticiúil dhlí na meán agus a bhfuil i ndán d’fhorfheidhmiú trasteorann dhlí na meán] (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2023, lch. 9).

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Tagairtí**

***Tá Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh***

- Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1);

- Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lgh. 69–92);

- Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lgh. 1–16);

- Rialachán (AE) 2024/1083 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) (IO L 2024/1083, 17.4.2024);

PUBLIC

- Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1);

- Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (Gníomh um an Intleacht Shaorga), (IO L, 2024/1689, 12.7.2024);

***Parlaimint na hEorpa***

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Bealtaine 2023 maidir leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chur chun feidhme (IO C, C/2023/1062, 15.12.2023);

***Comhairle an Aontais Eorpaigh***

- Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht do thionchairí mar chruthaitheoirí ábhair ar líne (IO C, 2024/3807, 23.7.2024);

- Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint (IO C 422, 7.12.2020, lch. 8);

PUBLIC

***an Coimisiún Eorpach***

- *Reporting on the application of Directive 2010/13/EU "Audiovisual Media Services Directive" as amended by Directive (EU) 2018/1808, for the period 2019-2022* [Tuairisciú ar chur i bhfeidhm Threoir 2010/13/AE 'Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc' arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808, don tréimhse 2019-2022] (SWD (2024) 4 final);

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú], (COM(2020) 784 final);

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Digital Decade for children and youth: the new European strategy for a better internet for kids* (BIK+) [Deacáid dhigiteach do leanaí agus don óige: an straitéis Eorpach nua le haghaidh idirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)] (COM/2022/212 final);

- *Communication from the Commission Guidelines on the practical application of the essential functionality criterion of the definition of a 'video-sharing platform service' under the Audiovisual Media Services Directive* [Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil chritéar feidhmiúlachta fíor-riachtanaí an tsainmhínithe ar 'seirbhís ardáin comhroinnte físeán' faoi Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc] (IO C 223, 7.7.2020, lch. 3);

- Teachtaireacht ón gCoimisiún: treoirlínte de bhun Airteagal 33a(3) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc maidir le raon feidhme tuarascálacha na mBallstát ar na bearta chun scileanna litearthachta sna meáin a chur chun cinn agus a fhorbairt (IO C 66, 23.2.2023, lch. 3);

PUBLIC

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *Tackling online disinformation: a European Approach* [Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ar líne: cur chuige Eorpach], (COM(2018) 236 final);

- Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine) (IO L 187, 26.6.2014, lgh. 1–78) *An nuashonrú is déanaí: An 1 Iúil 2023;*

***Comhairle na hEorpa***

- *Guidance Note on countering the spread of online mis- and disinformation through fact-checking and platform design solutions in a human rights compliant manner* [Nóta Treorach maidir le cur i gcoinne scaipeadh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise ar líne trí sheiceáil fíricí agus réitigh deartha ardáin ar bhealach a chomhlíonann cearta an duine], Coiste Stiúrtha Chomhairle na hEorpa um na Meáin agus um an tSochaí Faisnéise (CDMSI), ag an 24ú cruinniú a bhí aige, an 29 Samhain–1 Nollaig 2023;

***Faireachlann Eorpach Closamhairc***

- *The protection of minors on VSPs: age verification and parental control* [Mionaoisigh a chosaint agus iad ar ardáin comhroinnte físeán: fíorú aoise agus rialú tuismitheora], an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc 2024;

- *AVMSDigest Safe screens: protecting minors online* [AVMSDigest Safe screens: mionaoisigh a chosaint agus iad ar líne], an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc, 2024;

- *Mapping of national rules applicable to video-sharing platforms: Illegal and harmful content online* [Mapáil na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le hardáin comhroinnte físeán: ábhar neamhdhleathach agus díobhálach ar líne], an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc, 2022;

- *Mapping report on the rules applicable to video-sharing platforms – Focus on commercial communications* [Tuarascáil mhapála maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le hardáin comhroinnte físeán – Béim ar chumarsáid tráchtála], an Fhaireachlann Eorpach Closamhairc, 2022;

- Gníomhaithe nua agus rioscaí san fhógraíocht ar líne, an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc, 2022;

- IRIS Special 2023-1: *Public interest content on audiovisual platforms: access and findability* [Ábhar leasa phoiblí ar ardáin chlosamhairc: rochtain agus so-aimsitheacht], an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc 2023;

- Litearthacht sna meáin agus cumhachtú úsáideoirí, an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc 2024;


PUBLIC

***An Fhaireachlann Eorpach um na Meáin Dhigiteacha***

- *Guidelines for Effective Media Literacy Initiatives* [Treoirlínte maidir le Tionscnaimh Éifeachtacha Litearthachta sna Meáin], EDMO 2024;

***Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA)***

- *ERGA's views on the future priorities for media policy* [Tuairimí ERGA maidir leis na tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo do bheartas na meán] (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2024);

- *Report vloggers 1 - Analysis and recommendations concerning the regulation of vloggers* [Tuarascáil 1 ar fhísbhlagálaithe: anailís agus moltaí maidir le rialáil físbhlagálaithe], Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, Foghrúpa 1, 2021);

- *Report vloggers 2 - How to identify and localise vloggers and regulate their commercial communication* [Tuarascáil 2 ar fhísbhlagálaithe – Conas físbhlagálaithe a shainaithint agus a logánú agus a gcumarsáid tráchtála a rialáil] (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2022);

- *Learning from the practical experiences of NRAs in the regulation of vloggers* [Ag foghlaim ó thaithí phraiticiúil NRAnna maidir le rialáil físbhlagálaithe], (Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, Foghrúpa 1, 2023);

- *The implementation(s) of article 28b of the AVMSD: national transposition approaches and measures by video-sharing platforms* [Cur chun feidhme Airteagal 28b den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc: cineálacha cur chuige agus bearta náisiúnta trasuite ag ardáin comhroinnte físeán] (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2022);

- Doiciméad forléargais ar mhalartú dea-chleachtas maidir le hAirteagail 7a agus 7b de AVMSD, (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2021);

- *The practical application and future of cross-border enforcement of media law* [Cur i bhfeidhm praiticiúil dhlí na meán agus a bhfuil i ndán d'fhorfheidhmiú trasteorann dhlí na meán] (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2023);

- Tuarascáil maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú trasteorann an chreata dhlíthiúil Eorpaigh le haghaidh seirbhísí meán digiteach agus closamhairc (Foghrúpa 4 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2024);

- Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Mheabhrán Tuisceana ERGA in 2024 agus é i bhfeidhm le 4 bliana, (Foghrúpa 1 de chuid Ghrúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, 2025);

PUBLIC

***Eile***

- Cód Cleachtais 2022 maidir le Bréagaisnéis:

  https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/code-practice-disinformation;

- Tuarascálacha náisiúnta maidir le bearta litearthachta sna meáin faoin Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc 2020-2022;

PUBLIC